



Clár Ábhar

Comhthéacs Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann	4
Fís agus Misean Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann	6
Colúin Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann	7
Beartais Gníomhacha	9
Prionsabail Gníomhacha	9
Daoine Gníomhacha	10
Áiteanna Gníomhacha	10
Comhpháirtithe Gníomhacha	10
Cur Chun Cinn Gníomhach	11
Gníomhartha Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann	13
AGUISÍNÍ	
Aguisín A - An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027	24
Luachanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt	25
Straitéis Spórt Éireann 2018 – 2022	26
Cuspóirí Straitéis Spórt Éireann	27
Aguisín B - Spriocanna NSP, Gníomhaíocht LSPanna in 2019 agus réamh-mheastacháin LSPanna do 2024	28
Aguisín C - Teoiric Athraithe Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann	30
Aguisín D - Speictream na dtacaí spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla	33
Aguisín E - Straitéis Spórt Éireann: Gníomhartha Rannpháirtíochta	34
Aguisín F - Gníomhartha Rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt	37
Aguisín G - Gluais Téarmaí	40

Comhthéacs Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann

Réamhrá

Is amhlaidh, gach lá i bpobail ar fud na tíre, go leanann Spóirt Éireann le cabhair a thabhairt do dhaoine bheith gníomhach trí dheireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil trínár líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Tá ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an dúspéis chéanna atá ag Spóirt Éireann i muintir na hÉireann a spreagadh chun gníomhaíochta fhisiciúla agus páirt a ghlacadh sa spóirt, agus ina chinntiú go gcuimsítear gach duine sa phobal.

Tá Plean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann bunaithe ar an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus ar Straitéis Spóirt Éireann 2018-2022 agus tá sé faoi threoir acu sin. Cuirfear Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013–2025 agus an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil san áireamh sa Phlean Rannpháirtíochta freisin. Anuas air sin, cuirfear forbairtí domhanda agus náisiúnta a thit amach le déanaí san áireamh sa phlean.

Tá paindéim COVID-19 ag déanamh difear ollmhór do na cineálacha spóirt a bhfuil muintir na hÉireann ag glacadh páirt iontu, áit a bhfuil borradh as cuimse ag teacht ar spóirt agus gníomhaíochtaí an duine aonair amhail siúl, reathaíocht agus rothaíocht agus a bhfuil titim as

cuimse ag teacht ar spóirt fhoireannbhunaithe agus shaoráidbhunaithe. Beidh sé mar aidhm leis an bplean an fás a chothabháil sna réimsí inar gnóthaíodh é agus na cailteanais a aisghabháil sna réimsí inar tharla siad.

Cuirtear fáilte sa phlean seo roimh bhunú an rialtais nua agus roimh bhunú Roinne Aireachta nua i riocht na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Leagtar amach go soiléir i gClár an Rialtais don bhliain 2020 cuspóirí nua uailmhianacha atá le comhlíonadh ag an spóirt, go háirithe maidir leis na spriocanna rannpháirtíochta spóirt, a méadaíodh ó spóirt a bheith á imirt ag 50% d'aoisigh ar bhonn rialta, mar a leagadh amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018, go spóirt a bheith á imirt ag 60% d'aoisigh ar bhonn rialta faoin mbliain 2027.

Sa chomhthéacs sin, sainaithnítear i bPlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann na spriocanna is mian le Spóirt Éireann a bhaint amach idir an bhliain 2021 agus deireadh na bliana 2024, na dóigheanna a mbeartaímid na spriocanna sin a bhaint amach agus na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun na spriocanna sin a bhaint amach sna cúig bliana atá romhainn.



SPRIOCANNA AN PHLEAN RANPHÁIRTÍOCHTA



Fís agus Misean Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann

Leagtar amach i bPlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann conas a chomhlíonfaidh Spórt Éireann uailmhianta Straitéis Spórt Éireann agus an Bheartais Náisiúnta Spóirt.

Fís:

Tír inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as páirt rialta a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ar feadh an tsaoil.

Misean:

Cultúr a chruthú lena dtugtar spreagadh, tacaíocht agus cumhacht do gach duine in Éirinn páirt ghníomhach a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil.



Colúin Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann



Beartais Ghníomhacha

- An Beartas Náisiúnta Spóirt
- An Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhísiciúil
- Straitéis agus Beartais Spóirt Éireann
- Pleananna Áitiúla Spóirt
- Creat Folláine na Roinne Oideachais
- Pleananna Forbartha Réigiúnaí
- Pleananna Forbartha Contae
- Pleananna Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúla
- Sláintecare
- Folláine FSS
- Pleananna Corparáideacha de chuid Gníomhaireachtaí Stáit agus Gníomhaireachtaí Áitiúla



Prionsabail Ghníomhacha

- Rannpháirtí-láraithe
- Dírithe ar an saol uile
- Fianaisebhunaithe
- Cuimsitheach
- Nuálach
- Inbhuanaithe
- Comhoibríoch
- Trédhearcach
- Cuntasach
- Eiticíúil agus Bunaithe ar Luachanna



Daoine Gníomhacha

- Fir
- Mná
- Leanaí Réamhscoile
- Leanaí Bunscoile
- Leanaí Meánscoile
- Teaghlaigh
- Daoine faoi Mhíchumas
- Daoine de gach Eitneacht
- Daoine de gach Claonadh Gnéasach
- Daoine faoi Mhíbhuntáiste Socheacnamaíoch

Colúin Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann



Áiteanna Ghníomhacha

- Uirbeach
- Faoin tuath
- Amuigh faoin spéir
- Istigh
- Scoileanna
- Clubanna
- Grúpaí
- Pobal
- Áiteanna oibre
- Seirbhísí



Comhpháirtíochtaí Ghníomhacha

- Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt
- Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
- Údaráis Áitiúla
- Gnómhaireachtaí Rialtais
- Ranna Rialtais
- Scoileanna
- Sláinte
- Pobal
- Clubanna
- Gairmithe
- Oibríthe Deonacha, Cóitseálaithe agus Ceannairí
- Soláthraithe Tráchtála
- Turasóireacht



Cur Chun Cinn Ghníomhach

- Féiniúlacht chomhsheasmhach branda
- Acmhainní agus eispéiris ar ardchaighdeán
- Teachtaireachtaí simplí comhsheasmhacha atá bunaithe ar thaighde agus ar eolaíochtaí iompraíochta
- Margáíocht agus feachtasaíocht
- Abhcóideacht agus tionchar ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta

Colúin Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann

Tá spriocanna Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann bunaithe ar shé cholún atá mar bhonn agus thaca ag soláthar ghníomhartha an phlean, mar atá: Beartais Ghníomhacha, Prionsabail Ghníomhacha, Daoine Gníomhacha, Áiteanna Gníomhacha, Comhpháirtithe Gníomhacha agus Cur Chun Cinn Gníomhach. Ba cheart díriú ar na sé cholún sin i ngach gníomh sa phlean seo.



Beartais Ghníomhacha

Tá an Plean Rannpháirtíochta bunaithe ar an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus ar Straitéis Spóirt Éireann 2018-2022 agus tá sé faoi threoir acu sin. Sa Phlean Rannpháirtíochta, comhtháthaítear roinnt cuspóirí beartais de chuid Spóirt Éireann, mar aon leis na cuspóirí beartais sin atá i bpleananna náisiúnta agus áitiúla eile. Oibreoidh Spóirt Éireann i gcomhar lenár gcomhpháirtithe chun tábhacht an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla a chur chun cinn agus, ar an mbealach sin, a chinntiú gurb amhlaidh, maidir leis na comhlachtaí náisiúnta agus áitiúla a fhorbraíonn beartais, pleananna agus nósanna imeachta, go gcuirfidh siad spriocanna agus gníomhartha spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar áireamh iontu. Cabhróidh obair Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann leis an tírdhreach beartais náisiúnta agus áitiúil a mhúnlú chun na córais ar féidir an spóirt agus gníomhaíocht fisiciúil a fhorbairt istigh iontu a bharrfheabhsú. Féachfaidh Spóirt Éireann le beartais agus pleananna ár gcomhpháirtithe a chomhlánú le linn dó taighde, forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna rannpháirtíochta.



Prionsabail Ghníomhacha

Tarraingítear prionsabail Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann as na daoine a bhfuiltear ag iarraidh freastal orthu leis. Tá an phlean rannpháirtí-láraithe agus dírithe ar chur chuige an tsoil uile i leith rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fisiciúil. Tá an phlean seo fréamhaithe i gcur chuige atá bunaithe ar eitic, ar luachanna agus ar chearta. Soláthrófar gníomhartha ar bhealach cuimsitheach, agus cultúr fáilteach cuimsiúcháin á chothú go gníomhach ag an am céanna, chun go gcomhtháthófar gach duine isteach i ngach deis le páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fisiciúil. Is fianaisebhunaithe a bheidh na gníomhartha uile a sholáthrófar leis an bplean seo agus bainfear úsáid iontu as nuálaíocht, taighde agus meastóireacht chun na torthaí is fearr is féidir i dtaca le rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fisiciúil a chruthú do phobail agus daoine aonair in Éirinn. Leis an bplean seo, déanfar obair chomhoibríoch a chothú, a chur ar aghaidh agus a spreagadh chun réitigh inbhuanaithe a bhaint amach. Coinneoidh Spóirt Éireann gach ceann de na comhlachtaí cistithe, na comhpháirtithe agus na pobail áitiúla faoi na caihdeáin chuntasachta agus trédhearcachta is airde maidir leis an dóigh a ndéantar acmhainní agus cistí rialtais a dháileadh agus a úsáid agus maidir leis an dóigh a dtugtar tuairisc ar chaiteachas na n-acmhainní agus na gcistí sin.



Daoine Gníomhacha

Tá an plean seo rannpháirtí-láraithe, is é sin le rá go dtugtar tús áite ann do riachtanais, mianta agus torthaí na rannpháirtithe. Tá an plean fréamhaithe in éagsúlacht deiseanna fisiciúla agus sóisialta a sholáthar le haghaidh rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ar fud na hÉireann. Leagtar díriú soiléir sa phlean ar dheiseanna a chruthú do dhaoine óga ar aois réamhscoile, bunscoile agus meánscoile, agus úsáid á baint as an litearthacht fhisiciúil agus as éagsúlacht eispéireas spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla chun an bhunsraith a leagan le haghaidh rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil. Leis an bplean seo, tugtar tacaíocht shuntasach do dhaoine óga agus dá dteaghlach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail.

Leagtar díriú soiléir sa phlean ar na daoine sin a mbíodh níos lú deiseanna acu roimhe seo páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, mar atá: Mná, Daoine faoi Mhíchumas, Daoine Scothaosta, Mionlaigh Eitneacha, Daoine LADTI+ agus daoine a mheastar a bheith faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch nó oideachasúil.



Áiteanna Gníomhacha

Díreofar sa phlean ar dheiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla a chruthú agus a chur chun cinn ar fud an raoin iomláin áiteanna, spásanna agus timpeallachtaí ina gcaitheann daoine a saol.

Áireofar leo sin sráid-dreacha uirbeacha a bhfuil daonra mór iontu, tírdhreacha tuaithe iargúlta, saoráidí faoi dhíon a tógadh le sainchuspóir, páirceanna, áiteanna amuigh faoin spéir, scoileanna, pobail, áiteanna oibre agus seirbhísí sóisialta. Maidir leis na háiteanna agus na spásanna trína gcruithófar deiseanna le haghaidh páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, forbrófar iad chun go mbeidh siad sábháilte, fáilteach agus inrochtana do gach duine.



Comhpháirtithe Gníomhacha

Forbróidh Spórt Éireann comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun cur chuige uile-chórais agus uile-phobail a sholáthar i leith an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn agus a fhorbairt. Beidh Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ina gcuid dhílis de straitéis Spórt Éireann maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla sna réimsí seo: an pobal, an t-oideachas, an tsláinte, an phleanáil, na hacmhainní nádúrtha, an cultúr, an turasóireacht, an t-iompar, na seirbhísí sóisialta, an fhiontraíocht agus an gnó. Maidir leis na daoine atáimid ag iarraidh a spreagadh chun gníomhaíochta, na háiteanna ar féidir leo bheith gníomhach iontu agus na dóigheanna ar féidir leo bheith gníomhach, beidh siad ar an mbonn eolais le comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt agus le comhpháirtíochtaí atá ann cheana a neartú ar mhaithe le cuspóirí an phlean seo a chomhlíonadh.



Cur Chun Cinn Gníomhach

Déanfaidh Spórt Éireann an spórt agus an ghníomhaíocht fhisiciúil chun cinn trí shruthanna meán áitiúil agus náisiúnta agus tríd an Idirlíon ach úsáid a bhaint as teachtaireachtaí simplí comhsheasmhacha atá bunaithe ar thaighde agus ar eolaíochtaí iompraíochta.

Leis an bplean seo, múnlófar an insint phoiblí agus cinnteofar go ndáilfear an fhaisnéis ábhartha ar fad ar na daoine cearta ar an mbealach ceart. Leis an bplean seo, cuirfear obair Spórt Éireann agus a chomhpháirtithe chun cinn trí straitéisí, beartais, taighde agus pleananna a fhoilsiú, rud lena méadófar feasacht an phobail ar dheiseanna spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla.

Oibreoidh Spórt Éireann i gcomhar le comhpháirtithe chun a chinntiú go mbeidh ionadaíocht ann ar phríomhchoistí áitiúla agus náisiúnta.





Gníomhartha Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann

Soláthrófar gníomhartha Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann trí Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, trí Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, trí chomhpháirtithe straitéiseacha, trí chlubanna, trí phobail agus trí dhaoine aonair. Tá tiomantas an Bheartais Náisiúnta Spóirt don infheistíocht i rannpháirtíocht sa spórt a dhúbailt faoin mbliain 2027 taobh thiar de na gníomhartha sin. Bainfidh Spóirt Éireann úsáid as na gníomhartha sin de chuid an Phlean Rannpháirtíochta chun pleananna bliantúla gnó a fhorbairt atá comhréireach le straitéis infheistíochta an Rialtais agus lena gcomhlíontar an straitéis sin.

Gluais acrainmneacha agus giorrúchán a úsáidtear sa tábla gníomhartha

AI	Lúthchleasaíocht Éireann
AO	Aostacht agus Deiseanna
CI	Rothaíocht Éireann
D-ED	An Roinn Oideachais
D-H	An Roinn Sláinte
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IA	Ireland Active
LA	Údarás Áitiúil
LSP	Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt
NGB	Comhlacht Rialaithe Náisiúnta
NGO	Eagraíocht Neamhrialtasach
NSP	An Beartas Náisiúnta Spóirt
SA	Gníomhaireachtaí Stáit
SwI	Cumann Snámha na hÉireann
SIS	Straitéis Spóirt Éireann
VI	Obair Dheonach Éireann
3ú Leibhéal	Institiúidí Oideachais Tríú Leibhéal

SI-C	Aonad Cumarsáide Spóirt Éireann
SI-CC	Tras-Chomhoibriú Spóirt Éireann
SI-CG	Cóitseáil Spóirt Éireann
SI-EV	Meastóireacht Spóirt Éireann
SI-G	Rialachas agus Comhlíonadh Spóirt Éireann
SI-I	Nuálaíocht Spóirt Éireann
SI-NGB	Aonad Spóirt Éireann um Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
SI-OD&C	Aonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta Spóirt Éireann
SI-O	Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir
SI-P	Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann
SI-R	Aonad Taighde Spóirt Éireann
SI-WIS	Aonad Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spriocdháta	Gníomh(artha) NSP & SIS
1	Infheistiú in LSPanna chun go leanfaidh siad le cultúr rannpháirtíochta spóirt a fhorbairt ina gcontae trí cheannaireacht áitiúil, abhcóideacht, meastóireacht, forbairt acmhainne áitiúla agus soláthar acmhainní.	LSPanna	SI-P	SI-ODC, SI-O, SI-NGB, SI-CG	LSPanna	Leanúnach	NSP 9, 33, 46, 47 SIS 2c, 4b
2	Infheistiú in NGBanna chun go leanfaidh siad le cultúr rannpháirtíochta spóirt in Éirinn a fhorbairt, le conairí rannpháirtíochta spóirt a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus le rannpháirteachas pobail, obair dheonach agus cóitseáil ar ardchaighdeán a chothú chun leanaí agus aosáigh a spreagadh bheith gníomhach agus sóisialta tríd an spórt.	NGBanna	SI-NGB	SI-ODC, SI-O, SI-P, SI-CG	NGBanna	Leanúnach	NSP 9, 46, 47 SIS 6b, 7a, 7b
3	Tacaí forbarthacha leanúnacha a sholáthar chun acmhainn LSPanna agus NGBanna a fhorbairt trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus rochtain ar shainseirbhísí tacaíochta a sholáthar.	LSPanna & NGBanna	SI-ODC	SI-P, SI-NGB, SI-CG	LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 33 SIS 4b
4	Comhpháirtíochtaí nua agus comhpháirtíochtaí atá ann cheana a fhorbairt le gníomhaireachtaí, seirbhísí agus eagraíochtaí ar féidir leo tacú le hobair na LSPanna agus na NGBanna chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú agus na grádáin rannpháirtíochta a laghdú, agus ar féidir leo a gcuid oibre a chomhlánú.	Comhpháirtithe	SI-P & SI-NGB	SI-O, SI-C, SI-CG	LSPanna, NGBanna, NGOanna	Leanúnach	NSP 48 SIS 5d
5	Obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla chun cabhrú leo Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt. Déanfaidh Spórt Éireann teimpléid a fhorbairt agus cruinnithe náisiúnta a óstáil chun é sin a éascú.	Pleananna Áitiúla Spóirt	SI-P	SI-R	LAnna, LSPanna	2021	NSP 8, 9, 45 SIS 1b
6	Cruinniú bliantúil le hÚdaráis Áitiúla a éascú chun forbairt agus cur chun feidhme na bPleananna Áitiúla Spóirt a athbhreithniú.	Pleananna Áitiúla Spóirt	SI-P	SI-R, LSPanna	LAnna, LSPanna	2021	NSP 8, 9, 45 SIS 1b

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spríodhata	Gníomh(artha) NSP & SIS
7	Tacú le comhordú obair na LSPanna agus na NGBanna leis an mbonneagar áitiúil spóirt (bonneagar údaráis áitiúil agus bonneagar príobháideach araon) trí na Pleananna Áitiúla Spóirt.	Pleananna Áitiúla Spóirt	SI-P	SI-NGB	LAnna, LSPanna, NGBanna, NGOanna	2021	NSP 22, 45 SIS 1b
8	Comhoibriú a chur chun cinn idir comhlachtaí spóirt (NGBanna, LSPanna agus clubanna) agus earnálacha gaolmhara chun rannpháirtíocht sa spórt a fhorbairt agus a chur chun cinn trí shraith cruinnithe bliantúla.	Comhoibriú	SI-CC	SI-NGB, SI-P, SI-O, SI-C	LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 9, 34, 48 SIS 13b, 13c
9	Úsáid a bhaint as cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoín chun comhoibriú nuálach idir comhlachtaí spóirt (NGBanna, LSPanna agus clubanna) agus earnálacha gaolmhara a chur chun cinn ar mhaithe le tionscnaimh rannpháirtíochta spóirt a fhorbairt agus a chur chun cinn.	Comhoibriú	SI-CC	SI-O, SI-C, SI-I	LSPanna, NGBanna, NGOanna	Leanúnach	NSP 9, 34, 48 SIS 3a
10	Ciste nuálaíochta ilspóirt a fhorbairt, agus díriú á leagan ar chomhoibriú a chothú agus a spreagadh laistigh den earnáil spóirt agus le hearnálacha gaolmhara eile.	Nuálaíocht	SI-I	SI-R, SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-CG	LSPanna, NGBanna, LAnna, NGOanna, an Tionscal	Leanúnach	NSP 10, 45 SIS 3a
11	Infheistiú i bplean cumarsáide fianaisebhunaithe de chuid Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann agus é a fhorbairt, agus dul i mbun feachtais chun cur chun cinn a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa spórt agus ar luachanna cuimsitheacha, eiticíúla agus córa, ar nithe iad atá ina gcuid dhílis de Spórt na hÉireann.	Feasacht a Mhéadú	SI-C	SI-P, SI-NGB, SI-CC	LSPanna, NGBanna, LAnna	2021	NSP10, 47 SIS 2b
12	Tacú le LSPanna agus le NGBanna gníomhachtú áitiúil na bhfeachtas náisiúnta a chur i gcrích chun an tionchar ar thorthaí rannpháirtíochta spóirt a uasmhéadú.	Feasacht a Mhéadú	SI-C	SI-P, SI-NGB, SI-I agus SI-R	LSPanna, LAnna	2022	NSP 10, 47 SIS 2b
13	Obair le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí Tríú Leibhéal chun taighde chlár a thionscú ar bhonn náisiúnta agus áitiúil chun cabhrú linn straitéisí infheistíochta a fhorbairt i dtionscnaimh rannpháirtíochta.	Fianaisebhunaithe	SI-R	SI-P, SI-NGB, SI-CG		2021	NSP 10, 35 SIS 15a

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spríocdháta	Gníomh(artha) NSP & SIS
14	Obair le hAonad Taighde Spórt Éireann agus lenár ngeallsealbhóirí uile chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar ár margadh maidir le rannpháirtíocht sa spórt.	Fianaise-bhunaithe	SI-R	SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-C, SI-CG	3ú Leibhéal, LSPanna, NGBanna, NGOanna	2021	NSP 10, 15, 35 SIS 15a
15	Úsáid a bhaint as taighde iompraíochta chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar shaincheisteanna maidir le neamh-rannpháirtíocht agus úsáid a bhaint as léargais chun eolas a dhéanamh don tacaíocht do thionscnaimh, d'oiliúint agus do chlár.	Fianaise-bhunaithe	SI-R	SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-C, SI-CG	3ú Leibhéal, LSPanna, NGBanna, NGOanna	2021	NSP 10 SIS 15a
16	Forbróidh Spórt Éireann creataí caighdeánaithe meastóireachta agus uirlisí tacaíochta lena gcomasófar measúnú láidir a dhéanamh ar an tionchar atá ag saoráidí, clár agus tionscnaimh a fhaigheann cistí poiblí.	Fianaise-bhunaithe	SI-EV	SI-R, SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-C, SI-CG	3ú Leibhéal, LSPanna, NGBanna, NGOanna	2021	NSP 15, 36 SIS 15c
17	Leanúint lenár bhfeidhm meastóireachta a fhorbairt agus a leathnú, agus na príomhcheachtanna a foghlaimíodh agus an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn chun na ceachtanna a foghlaimíodh a ghníomhachtú á gcomhroinnt.	Fianaise-bhunaithe	SI-EV	SI-R, SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-C, SI-CG	3ú Leibhéal, LSPanna, NGBanna, NGOanna	Leanúnach	NSP 15, 35, 36 SIS 3b, 15c
18	Leanfaimid le húsáid a bhaint as ár sruthanna cistiúcháin chun rannpháirtíocht shóisialta sa spórt a chothú trí fhorbairt tionscnamh láidir pobalbhunaithe spóirt a spreagadh.	Pobail	SI-P	SI-CC, SI-NGB, SI-CG	LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 14 SIS 2c, 6c
19	Foirne uirlisí cineálacha forbartha spóirt a fhorbairt do chlubanna agus do phobail, agus díriú á leagan ar spriocghrúpaí sonracha.	Clubanna	SI-P	SI-NGB, SI-CG	LSPanna, NGBanna	2022	NSP 27, 47 SIS 4b
20	Tacaí agus acmhainní d'oibrithe deonacha, do cheannairí agus do chóitseálaithe a fhorbairt ar aon dul leis an straitéis náisiúnta um oibrithe deonacha.	Obair dheonach	SI-CC	SI-P, SI-NGB, SI-CG, VI	LSPanna, NGBanna	2022	NSP 27, 47 SIS 2a, 6c

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spriocdháta	Gníomh(artha) NSP & SIS
21	Ciste oiliúna d'oibrithe deonacha, do cheannairí agus do chóitseálaithe a fhorbairt, rud a bheidh ar oscailt dár gcomhlachtaí cistithe, lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais an phobail oibrithe deonacha spóirt agus a bheidh bunaithe ar an straitéis um oibrithe deonacha.	Obair dheonach	SI-P	SI-NGB, SI-CG	LSPanna, NGBanna	2024	NSP 28 SIS 2a, 6c
22	Obair i gcomhar le NGBanna agus le LSPanna chun an tacaíocht d'oibrithe deonacha, do cheannairí agus do chóitseálaithe a fhorbairt.	Cóitseáil	SI-P	SI-CG, SI-NGB	LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 28, 47 SIS 2a, 6c, 8b
23	Foireann uirlisí cinnteoireachta eiticíúla a fhorbairt agus a chur chun cinn don earnáil spóirt.	Eitic agus Luachanna	SI-E	SI-P, SI-NGB, SI-CG	LSPanna, NGBanna	2021	NSP 47 SIS 5c, 14
24	Leanúint le hinfheistiú i gceardlanna Cumhdaigh Spóirt Éireann agus leis na ceardlanna sin a chur chun cinn tríd an líonra LSPanna agus NGBanna.	Eitic agus Luachanna	SI-E	SI-P, SI-NGB, SI-CG	LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 47 SIS 5c, 14c
25	Cabhrú le Ráiteas Comhthola Litearthachta Fisiciúla a fhorbairt. An Ráiteas Comhthola Litearthachta Fisiciúla a chur chun cinn do scoileanna, do sheirbhísí don óige, do NGBanna, do LSPanna agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile.	An Óige	SI-CG	SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-C	LSPanna, NGBanna, D-ED, D-H	2021	NSP 1, 2, 3, 4 SIS 1a
26	Infheistiú i gcláir atá dírithe ar an óige agus a chomhlíonann cuspóirí an ráitis chomhthola litearthachta fisiciúla.	An Óige	SI-CG	SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-C	LSPanna, NGBanna, D-ED, D-H	2022	NSP 1, 2, 3, 4 SIS 4b
27	Infheistiúocht a dhíriú ar chlár amhail foghlaim chun snámha, rothaíochta agus reathaíochta do leanaí meánscoile. Straitéisí rannpháirtíochta a fhorbairt i gcomhar leis na NGBanna sin.	An Óige	SI-NGB	SwI, AI, CI, SI-CG	NGBanna, LSPanna, CI, SwI, AI	Leanúnach	NSP 3, 5 SIS 1a
28	Infheistiú i spóirt foirne, agus díriú á leagan ar litearthacht fhisiciúil a fhorbairt, rud lena gcinntítear éagsúlacht i dtairiscintí agus deiseanna rannpháirtíochta.	An Óige	SI-NGB	SI-CG, SI-P, NGBanna do Spóirt Foirne	NGBanna do Spóirt Foirne	2022	NSP 3, 6 SIS 1a

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spriocdháta	Gníomh(artha) NSP & SIS
29	Úsáid a bhaint as ár n-infheistíochtaí chun tacú le cláir lena dtugtar cabhair do dhéagóirí atá ag éirí as spóirt foirne rannpháirtíochta mórsála chun aistriú chuig rannpháirtíocht i spóirt an duine aonair.	An Óige	SI-NGB	SI-P, SI-CG, NGBanna, LSPanna	NGBanna, LSPanna, D-ED	2024	NSP 6 SIS 1a
30	Tacú le cláir ghníomhaíochta fisiciúla iarscoile a sholáthar ar leibhéal áitiúil, agus díriú ar leith á leagan ar limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch trí chlár nuálacha agus trí infheistíocht.	An Óige	SI-P	SI-NGB, SI-I, SI-E, SI-CG	LSPanna, NGBanna, LAnna, FSS	2022	NSP 4, 7, 48 SIS 4b, 7
31	Rochtain ar shaoráidí scoile agus hallaí pobail lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a mhéadú trí chomhoibriú áitiúil agus trí na Pleananna Áitiúla Spóirt.	Scoileanna	SI-P	SI-I, SI-R	LSPanna, LAnna, D-ED	2023	NSP 6, 22 SIS 2c, 3a, 4b
32	Tacú leis an earnáil spóirt sárú a dhéanamh ar na bacainní atá le bonneagar spóirt scoile agus pobail a rochtain, lena n-áirítear rochtain ar an gclúdach árachais riachtanach.	Scoileanna	SI-P	SI-I, SI-R	LSPanna, LAnna, D-ED	2024	NSP 6, 22 SIS 3a, 4b
33	Sainnithint agus cur chun feidhme a dhéanamh ar réitigh ar na dúshlán iompair a tharlaíonn maidir le saoráidí a rochtain tar éis an lae scoile.	Scoileanna	SI-P	SI-I, SI-R	LSPanna, LAnna, D-ED	2024	NSP 6, 22 SIS 3a
34	Tacú le hábhar acmhainne a fhorbairt do Churaclam Corpoideachais na Meánscoile ar aon dul leis an gCuraclam Corpoideachais nua.	Scoileanna	SI-P	NGBanna, D-ED, SI-CG	NGBanna, D-ED	2021	NSP 2 SIS 1a
35	Forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar na tacaí riachtanacha chun spreagadh agus dreasacht a thabhairt do shaoráidí agus seirbhísí aclaíochta príobháideacha agus poiblí díriú ar dhul i ngleic leis na grádáin i rannpháirtíocht sa spórt.	Saoráidí Aclaíochta	SI-P	SI-I, SI-R	IA, LSPanna, NGBanna	2023	NSP 6, 9, 11, 48, 56 SIS 4b
36	Infheistiú in NGBanna agus in LSPanna chun comhoibriú le gnóthais, le gníomhaireachtaí stáit agus le heagraíochtaí chun cultúr áiteanna oibre gníomhacha a chomhchruthú.	An áit oibre	SI-P	SI-NGB, SI-C	IA, LSPanna, NGBanna	2024	NSP 34 SIS 3a

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spriocdháta	Gníomh(artha) NSP & SIS
37	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do nuálaíocht i gcláir lena spriocdhírítear ar dhaoine scothaosta (50+ bliain d'aois), lena n-áirítear Clár Age and Opportunity Active, agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta.	Daoine Scothao sta	SI-P	SI-NGB, SI-O	AO, LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 9 SIS 3a, 3b, 4c
38	Tionscnaimh, treoirlínte agus sruthanna infheistíochta a fhorbairt chun tacú le rannpháirtíocht teaghlaigh sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhísiciúil agus chun í a chur chun cinn.	Teaghlaigh	SI-P	SI-NGB, SI-O, SI-CG	LSPanna, NGBanna	2024	NSP 4 SIS 1a, 3a, 4b
39	Tacú le soláthar na gcolún rannpháirtíochta i mBeartas Spórt Éireann um Mná sa Spórt agus le faireachán a dhéanamh ar an infheistíocht agus ar an gcur chun feidhme.	Mná	SI-WIS	SI-P, SI-NGB, SI-O, SI-C, SI-CG	LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 15 32 SIS 4a, 6b
40	Cur lenár gcuid oibre ar Bheartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spórt ag Daoine faoi Mhíchumas chun a chinntiú go bhfuil an tacaíocht fhianaisebhunaithe chúí i bhfeidhm le haghaidh rannpháirtíocht sa spórt ar mhaithe leis na bacainní ar dhaoine faoi mhíchumas a laghdú.	Míchumas	SI-P, SI-NGB, SI-O	SI-C, SI-CG	LSPanna, NGBanna, NGOanna, FSS	Leanúnach	NSP 6, 9, 12, 48 SIS 4b, 15a
41	Forbróidh Spórt Éireann beartas éagsúlachta agus cuimsiúcháin, a mbeidh a ábhar faoi stiúir ag taighde agus comhairliúcháin.	Cuimsiú	SI-E	SI-P, SI-NGB, SI-WIS, SI-CG	LSPanna, NGBanna	2021	NSP 6, 9, 48 SIS 4b
42	Tacaí agus acmhainní a fhorbairt, trí Bheartas Spórt Éireann um Éagsúlacht agus Cuimsiú, d'earnálacha spóirt amhail clubanna, pobail agus cóitseálaithe, le tacaíocht ó chláir lena gcuirtear rannpháirtíocht sa spórt ag daoine ó chúirí eitneacha éagsúla chun cinn go sonrach agus lena dtéitear i ngleic leis an gciníochas.	Mionlaigh Eitneacha	SI-E	SI-P, SI-NGB, SI-WIS, SI-CG	LSPanna, NGBanna	2022	NSP 6, 9, 48 SIS 4b

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spriodhata	Gníomh(artha) NSP & SIS
43	Na luachanna a ghabhann le rannpháirtíocht chuimsitheach mheasúil sa spórt a chur chun cinn tríd an mbeartas um chuimsiú sa spórt ach gníomhartha sonracha a dhéanamh atá dírithe ar rannpháirtíocht agus cuimsiú daoine ón bpobal LADTI+ a chur chun cinn.	LADTI+	SI-E	SI-P, SI-NGB, SI-WIS, SI-CG	LSPanna, NGBanna	2023	NSP 6, 9, 48 SIS 4b
44	Infheistiú i gcláir agus tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo rannpháirtíocht sa spórt a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh i limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.	Míbhuntáiste Socheacnamaíoch	SI-P	SI-NGB	LSPanna, NGBanna	Leanúnach	NSP 6, 9, 11, 48 SIS 4b
45	Sainithint a dhéanamh ar réitigh nuálacha chun rannpháirtíocht sa spórt a chur ar aghaidh i limistéir thuaithe a bhféadfadh go mbeadh fad agus iompar chuig saoráidí ina mbacainn ar rannpháirtíocht rialta sa spórt iontu agus tacú leis na réitigh nuálacha sin.	Míbhuntáiste Tuaithe	SI-P	SI-NGB, SI-I	LSPanna, NGBanna	2023	NSP 6, 9, 11, 48 SIS 3a, 3b
46	Tacú le comhlíonadh na gcuspóirí rannpháirtíochta i mBeartas Spórt Éireann um Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil Amuigh faoin Spéir.	Amuigh faoin spéir	SI-O	SI-NGB, SI-P, SI-CG	NGBanna do Ghníomhaíocht Amuigh faoin spéir	2021	NSP 13 SIS 3c
47	A chinntiú, mar chuid de na Pleananna Áitiúla Spóirt, go n-oibreoidh LSPanna leis na húdaráis Áitiúla chun an úsáid is mó is féidir a bhaint as limistéir áineasa le haghaidh an spóirt e.g. áineas amuigh faoin spéir.	Amuigh faoin spéir	SI-P	SI-O	LAnna, LSPanna, NGBanna	2021	NSP 22 SIS 3c
48	Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chonairí ar ardchaighdeán agus bonneagar eile a fhorbairt agus a bhainistiú ar mhaithe le rannpháirtíocht sa spórt áineasa amuigh faoin spéir a éascú. Leanúint leis an gclár conairí agus caighdeáin cháilíochta a chur ar aghaidh.	Amuigh faoin spéir	SI-O	SI-P	LAnna, SAnna	Leanúnach	NSP 13 SIS 3c

Uimh.	Ár nGníomhartha	Téama	Ceann	Comhpháirtithe Forbartha	Comhpháirtithe Soláthair	Spriocdháta	Gníomh(artha) NSP & SIS
49	Clár oideachais agus oiliúna a bhainistiú chun cur le hacmhainn na ngeallsealbhóirí soláthar agus forbairt a dhéanamh ar bhonneagar agus ar thionscnaimh ar mhaithe le rannpháirtíocht i spóirt áineasa amuigh faoin spéir a éascú.	Amuigh faoin spéir	SI-O	SI-P	LSPanna, NGBanna, LAnna	Leanúnach	NSP 13, 47 SIS 3c
50	Obair i gcomhar le NGBanna, le LSPanna agus le geallsealbhóirí eile chun cur chun feidhme a dhéanamh ar chláir agus tionscnaimh lena n-éascaítear rannpháirtíocht sa spórt áineasa amuigh faoin spéir tríd an dea-chleachtas a chomhroinnt agus trí infheistíocht dhíritha a sholáthar.	Amuigh faoin spéir	SI-O	SI-P, SI-NGB	LSPanna, NGBanna, NGOanna	2022	NSP 13, 43 SIS 3c
51	Bunachar sonraí geografach digiteach um áiseanna spóirt agus áineasa amuigh faoin spéir in Éirinn a chur le chéile, ar bunachar sonraí é is féidir a úsáid agus a chomhroinnt idir eagraíochtaí trína lán ardán digiteach agus córas digiteach.	Amuigh faoin spéir	SI-O	SI-NGB, SI-P, SI-R, SI-I, SI-E	LSPanna, NGBanna, LAnna	2021	NSP 13, 18 SIS 3c
52	Tacú le comhordú obair na LSPanna agus na NGBanna le saoráidí áitiúla spóirt amuigh faoin spéir (saoráidí údaráis áitiúil agus saoráidí príobháideacha araon) tríd an mbunachar sonraí geografach digiteach náisiúnta.	Amuigh faoin spéir	SI-O	SI-P, SI-NGB	LSPanna, NGBanna, LAnna	2022	NSP 13, 22 SIS 3c
53	Tacú le LSPanna, le NGBanna agus le comhlachtaí cistithe eile an Cód Rialachais a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2021 agus creat um fhaireachán ar chomhlíonadh a bhunú sa toadhcháil.	Rialachas	SI-G	SI-P, SI-NGB	LSPanna, NGBanna, NGOanna	2021	NSP 31, 32, 47 SIS 13 a, 13b
54	Faireachán a dhéanamh, agus tuairisc a thabhairt, ar ghníomhaíochtaí na LSPanna, na NGBanna agus na gcomhlachtaí cistithe eile i gcomparáid le roinnt méadrachtaí agus príomhtháscairí feidhmíochta chun cuntasacht as Infheistíochtaí Rialtais a chinntiú, agus tacaíocht á tabhairt do dheiseanna forbartha feidhmíochta agus rialachais.	Rialachas	SI-G	SI-P, SI-NGB, SI-CG	LSPanna, NGBanna, NGOanna	2024	NSP 31, 32 SIS 13 b



Aguisíní

Aguisín A

An Beartas Náisiúnta Spóirt, 2018 go 2027

Sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, a seoladh sa bhliain 2018, aithnítear tábhacht an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla in Éirinn agus socraítear treo soiléir le haghaidh a bhforbartha. Leagtar béim sa Bheartas Náisiúnta Spóirt ar an ról tábhachtach a imríonn rannpháirtíocht sa spóirt i bhfeabhas a chur ar an tsláinte fhisiciúil agus ar an meabhairshláinte, i gcosaint a thabhairt ar raon galar neamhtheagmhálach agus i rannchuidiú le cáilíocht beatha níos fearr do mhuintir na hÉireann.

Is í seo an fhís atá ag an mBeartas Náisiúnta Spóirt:

‘De thoradh a rannpháirtíochta gníomhaí nó sóisialta féin sa spóirt agus de thoradh a fheabhas is a éireoidh leis na lúthchleasaithe is fearr againn i gcomórtais, beidh inspioráid ag daoine, saibhreoфар a saol, breiseoфар a dtaitneamh, agus feabhsófar caighdeán a mbeatha. Beidh ardmheas ar gach eintiteas inár bpobal spóirt mar gheall ar cháilíocht a bhfoirne agus a n-oibríthe deonacha, a gcaighdeán rialachais, a n-eitic agus a gcuntasacht, agus a spiorad comhair, le páirtithe lasmuigh den earnáil spóirt san áireamh.’

Is le rannpháirtíocht sa spóirt a bhaineann aon cheann is tríocha de na seacht ngníomh is caoga sa Bheartas Náisiúnta Spóirt. Beidh na gníomhartha sin ina gcreat suntasach d’obair Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann go dtí an bhliain 2027. Liostaítear gníomhartha rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt in Aguisín A.

Tá sé mar sprioc ag an mBeartas Náisiúnta Spóirt rannpháirtíocht rialta sa spóirt a mhéadú i measc leanaí agus aosaigh Éireannacha ó gach earnáil dhéimeagrafach den tsochaí.

Tugtar achoimre thíos ar spriocanna ardleibhéil an Bheartais Náisiúnta Spóirt:

Spriocanna Ardleibhéil	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Bonnlíne 2017	Spriocan na 2027	Tréimhse Tomhais
Rannpháirtíocht Mhéadaithe:	Líon méadaithe aosach a imríonn spóirt go rialta (gan siúl áineasa a áireamh);	43%	*50%	Gach re bliain
	Glacann céatadán i bhfad níos airde de leanaí agus aosaigh in Éirinn ó gach earnáil sa tsochaí páirt rialta i ngach cineál	4.5%	0%	Gach re bliain
	rannpháirtíochta gníomhaí agus sóisialta sa spóirt.	22%	15%	Gach re bliain
	Líon méadaithe leanaí a imríonn spóirt go rialta;	Le deimhniú	Le deimhniú	Gach re bliain
	Líon méadaithe aosach a ghlacann páirt sa spóirt go sóisialta trí obair go deonach, ballraíocht de chlubanna agus/nó freastal	45%	55%	Gach re bliain

Luachanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt

Sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, bunaíodh sraith spriocanna, a úsáideadh chun forbairt an phlean seo a threorú.



Comhoibriú a chothú: Déanfaimid comhoibriú a spreagadh agus a ghríosú laistigh den earnáil spóirt agus lasmuigh di araon mar bhunús le cur chun feidhme an bheartais.

Béim a chur ar shárchaighdeáin eiteiciúla: Déanfaimid cothrom na Féinne, meas, eitic, ionracas agus sábháilteacht a chur chun cinn agus a chothú ar fud an chórais spóirt.

Dearcadh an tsaol uile a ghlacadh i leith rannpháirtíochta: Tagann tairbhí ollmhóra as rannpháirtíocht ghníomhach shóisialta sa spórt ar fud an tsaol uile. Beidh an creat um Rannpháirtíocht ar feadh an tSaoil sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil (LISPA) mar bhonn agus thaca ag an mbeartas seo agus cuirfear béim ar fhorbairt na litearthachta fisiciúla in aois an linbh ann freisin.

Nuálaíocht a spreagadh: Déanfaimid réitigh nuálacha a mholadh agus a spreagadh ar na dúshláin ar mian linn aghaidh a thabhairt orthu maidir le rannpháirtíocht, le hardfheidhmíocht agus le forbairt na hearnála spóirt.

Treoirithe de réir fianaise agus dírithe ar thorthaí: Bunaítear beartais, cláir agus cistiú ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil agus dírithe iad ar thorthaí beartais comhaontaithe a bhaint amach.

Creat cuntasachta soiléir: Beidh struchtúr soiléir cur chun feidhme ann lena n-áireofar sásraí faireacháin, meastóireachta agus cuntasachta agus línte freagrachta as soláthar gníomhartha sonracha a stiúradh.

Cuimsiú a chur chun cinn: Ní mór an spórt a bheith fáilteach agus cuimsitheach, áit a dtairgtear deiseanna cuí do gach duine le haghaidh rannpháirtíochta agus feabhais. Cuirfimid cuimsiú chun cinn chun ár gcuspóirí inmhianaithe a chomhlíonadh, agus díriú á leagan ar aghaidh a thabhairt ar ghrádáin shóisialta, mhíchumais, inscne, eitneacha agus eile.

Straitéis Spóirt Éireann 2018 – 2022

Leagtar amach i Straitéis Spóirt Éireann an fhís, an misean agus an díriú oibre le haghaidh rannpháirtíocht sa spóirt in Éirinn go dtí an bhliain 2022.

Ár bhFís


Earnáil spóirt den chéad scoth atá ag obair de réir na gcaighdeán rialachais agus cuntasachta is airde agus ag rannchuidiú le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach.

Ár Misean

Treoraíonn Spóirt Éireann an clár oibre náisiúnta spóirt ar na bealaí seo:

- Luach an spóirt a chur in iúl agus dul i gceannas ar an smaointeoireacht ar an spóirt
- Cultúr cuimsitheach cóir a chur chun cinn
- Luach a ghiniúint ó acmhainní finideacha
- Eagraíochtaí láidre spóirt a thógáil
- An coincheap um ‘spóirt ar feadh an tsaoil do gach duine’ a bhaint amach
- Tacú le rath ardfheidhmíochta

Cuid dhílis de straitéis Spóirt Éireann is ea tiomantas d’obair i gcomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt agus le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chun clár oibre láidir rannpháirtíochta a bhrú chun cinn trí bhail foirne agus trí oibríthe deonacha. Féachann Spóirt Éireann le cur le hacmhainn na ngníomhaireachtaí sin oideachas agus oiliúint a chur ar rannpháirtithe, ar chóitseálaithe agus ar oibríthe deonacha ar mhaithe le cultúr eiticíuil cuimsitheach a chothú sa spóirt.



Cuspóirí Straitéis Spórt Éireann

Soláthraítear le Straitéis Spórt Éireann cuspóirí uileghabhálacha le haghaidh Rannpháirtíocht sa Spórt a fhorbairt in Éirinn:

1. Tabharfaimid tús áite don rannpháirtí - beidh rannpháirtithe ina gcuid dhílis dár gcinntí.
2. Tacóimid le cláir nuálacha, chuimsitheacha agus chomhoibríocha lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as athruithe déimeagrafacha, sóisialta agus eacnamaíocha.
3. Tacóimid le struchtúir láidre náisiúnta agus áitiúla lena spreagtar cuntasacht agus cinnteoireacht fhianaisebhunaithe.
4. Déanfaimid comhpháirtíochtaí fiúntacha comhoibríocha a thógáil agus a chothú le príomhpháirtithe eile ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta.
5. Tacóimid lenár gcomhlachtaí cistithe, agus le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt go háirithe, chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú, agus béim láidir á cur ar an gcomhoibriú.
6. Cruthóimid timpeallacht ina gothaítear an chruthaitheacht agus an nuálaíocht san earnáil, lena n-áirítear díriú ar bhonneagar agus córais áineasa amuigh faoin spéir.
7. Cuirfimid Luach an Spóirt chun cinn chun feasacht an daonra a mhéadú ar na tairbhí a ghabhann le rannpháirtíocht sa spórt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Aguisín B

Spríocanna NSP, Gníomhaíocht LSP in 2019 agus réamh-mheastacháin LSP do 2024

		Spríocanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt			Spríocanna na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt			
		Bonnlíne 2019	Spríoc do 2024	An tAthru Bliantúil a Theastaíonn	Gníomhaíocht Bhliantúil LSP in 2019		Réamh-mheastacháin Bhliantúla LSP do 2024	
		(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine)	(an líon daoine a ndeachthas i bhfeidhm orthu)	(an líon daoine a gníomhachtaíodh)**	(an líon daoine a ndeachthas i bhfeidhm orthu)	(an líon daoine a gníomhachtaíodh)**
1	Rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt a mhéadú i measc aosach	1,780,000 (46%)	2,220,000 (55%)	Méadú 110,000	118,000	9,000	137,000	10,000
2	Laghdú a dhéanamh ar neamh-rannpháirtíocht sa spórt nó i siúl áineasa i measc aosach	770,000 (20%)	735,000 (18%)	Laghdú 7,000	13,000	11,000	15,000	12,000
3	Rannpháirtíocht shóisialta a mhéadú i measc aosach (obair dheonach, ballraíocht de chlubanna agus breathnóireacht)	1,810,000 (47%)	2,032,500 (50%)	Méadú 44,500	Sonraí ar bith	Sonraí ar bith	Sonraí ar bith	Sonraí ar bith
4	Rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt pobail a mhéadú i measc leanaí bunscóile i ranganna 5 agus 6	110,000 (80%)	110,000 (80%)	Athru ar bith	*208,000	*16,000	*254,000	*19,000
5	Rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt pobail a mhéadú i measc daoine óga in iarbunscóileanna	230,000 (58%)	240,000 (58%)	Méadú 2,000	46,000	3,400	60,000	4,500
6	Rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta a mhéadú i measc na mban	1,140,000 (59%)	Níor socraíodh aon spríoc	N/B	61,000	4,600	68,500	5,200

*Baineann na figiúirí seo le gach leanbh atá in aois bunscóile, agus ní le leanaí i ranganna 5 agus 6 amháin.

**Is neamhghníomhach atá thart ar 20% de dhaoine a ghlacann páirt i dtionscnaimh de chuid na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Éiríonn le thart ar 40% de na daoine sin a leibhéil ghníomhaíochta a mhéadú go hinbhuanaíthe.

		Spriocanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt			Spriocanna na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt			
		Bonnlíne 2019	Sprioc do 2023	An tAthru Bliantúil a Theastaíonn	Gníomhaíocht Bhliantúil LSP in 2019		Réamh-mheastacháin Bhliantúla LSP do 2024	
		(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine agus an céatadán den daonra)	(an líon daoine agus an céatadán den daonra)
7	Rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta a mhéadú i measc daoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch	47%	Níor socraíodh aon sprioc	N/B	65,400	4,900	69,500	5,200
8	Rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta a mhéadú i measc daoine faoi mhíchumas	48%	Níor socraíodh aon sprioc	N/B	5,800	400	6,200	500
9	Rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta a mhéadú i measc mionlaigh eitneacha	N/B	Níor socraíodh aon sprioc	N/B	2,200	160	3,200	240
10	Rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta a mhéadú i measc daoine LADTA+	N/B	Níor socraíodh aon sprioc	N/B	Sonraí ar bith	Sonraí ar bith	Sonraí ar bith	Sonraí ar bith

Aguisín C

Teoiric Athraithe Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann

Bonn eolais faoi Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann is ea na teoiricí agus na creataí éagsúla um iompraíocht spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla atá ann, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Domhanda maidir le Gníomhaíocht Fhisiciúil 2018-2030 ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte¹, an Roth Athraithe Iompraíochta², Samhlacha Sóisialta Éiceolaíochá um Iompraíocht³ agus an Teoiric um Iompraíocht Phleanáilte⁴.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean Rannpháirtíochta cur chuige córaisbhunaithe a chur chun feidhme i leith rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú in Éirinn. Agus leas á bhaint as an léargas agus na moltaí ón 20 gníomh beartais atá sa Phlean Gníomhaíochta Domhanda maidir le Gníomhaíocht Fhisiciúil ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (GAPPA), áirítear leis an bPlean Rannpháirtíochta gníomhartha atá ceaptha chun na ceithre chuspóir atá le samhail GAPPA a bhaint amach: Sochaithe Gníomhacha, Timpeallachtaí Gníomhacha, Daoine Gníomhacha agus Córais Gníomhacha.

Ina theannta sin, úsáidtear sa phlean seo an Roth Athraithe Iompraíochta chun bonn eolais a chur faoi gníomhartha:

- a) A úsáideann gníomhartha cláregraithe agus cumarsáide chun cur leis an gcumas fisiciúil agus síceolaíoch atá ag daoine aonair agus ag pobail, ní amháin chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna gníomhaíochta fisiciúla ar leibhéal áitiúil ach chun deiseanna den sórt sin a fhorbairt agus tionchar a imirt orthu agus úinéireacht a ghlacadh astu freisin.
- b) A úsáideann gníomhartha comhpháirtíochta agus cumarsáide chun tionchar a imirt agus deiseanna fisiciúla agus sóisialta á bhforbairt agus á gcur chun cinn ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal pobail araon.
- c) A imríonn tionchar ar inspreagadh trí chabhrú le rannpháirtithe gnáthamh a fhorbairt agus spriocanna a shocrú, agus margáíocht shóisialta agus cláir shóisialta á n-úsáid ag an am céanna chun dul i bhfeidhm ar chreidimh agus ar dhearccháí.


Trí obair i gcomhar le húdaráis áitiúla agus trí Phleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt, is é an toradh a bheidh ar an bplean seo go dtacófar le hathstruchtúráil timpeallachta agus le pleanáil shóisialta chun daoine aonair agus pobail a chumasú bheith níos gníomhaí. Agus leas á bhaint as léargas Mhonatóir Spóirt na hÉireann5 chun deitéarmanaint aonair na hiompraíochta a thuiscint, úsáideadh sa phlean rannpháirtíochta an tSamhail Shóisialta Éiceolaíoch le linn forbairt a dhéanamh ar ghníomhartha a imríonn tionchar ar an timpeallacht nádúrtha, thógtha agus shóisialta.

Comhtháthaíodh sa phlean gníomhaíochta freisin gnéithe den Teoiric um Iompraíocht Phleanáilte. Rinneadh amhlaidh chun a chinntiú go ndíreofaí i ngníomhartha freisin ar na gnéithe aonair de rannpháirtíocht sa spórt trí fhéachaint le tionchar a imirt ar dhearcthaí, creidimh agus noirm de chuid daoine aonair agus pobal, agus ar rialú braite na ndaoine aonair agus na bpobal sin, maidir lena bheith gníomhach tríd an spórt. Sna gníomhartha a chuirfear i gcrích faoin bplean seo, díreofar ar chórais, comhpháirtíochtaí, deiseanna, tionscnaimh, cláir, imeachtaí agus oiliúint a sholáthar tríd an oideachas, trí threoirínte agus trí fheachtais mhargaíochta ar mhaithe le hiompraíochtaí spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla a chur chun cinn ar leibhéal an daonra.

5 Spórt Éireann (2017) 'Tuarascáil Bhliantúil Mhonatóir Spóirt na hÉireann 2017'. Ar fáil ag: www.sportireland.ie



Léarscáil Theoiric Athraithe Phlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann



Aguisín D

Speictream na dtacaí spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla

Ceann de na príomhthéamaí i bplean rannpháirtíochta Spórt Éireann is ea comhpháirtithe straitéiseacha a shainaithint, agus obair i gcomhar leo, chun deiseanna agus tacaí éagsúla a sholáthar le haghaidh Rannpháirtíocht ar Feadh an tSaoil sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil (LISPA). Agus infheistíochtaí á ndéanamh aige, spriocdhírionn Spórt Éireann ar an tsochaí ar fad agus féachann sé le hobair i gcomhar leo sin atá sa bhaol is mó leibhéil ísle rannpháirtíochta a bheith acu sa spórt agus i ngníomhaíocht fisiciúil. Trí obair i gcomhar le raon éagsúil comhpháirtithe, cabhrófar linn tacú le daoine bheith gníomhach ar fud an tsaoil uile agus de réir mar a athraíonn a sláinte fisiciúil agus mheabhrach ar feadh a saoil. Tá sé mar aidhm leis an tábla thíos roinnt samhlacha rannpháirtíochta sa spórt a thiomsú ina gcreat uileghabhálach lena léarscáilítear leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla agus leibhéil sláinte fisiciúla agus meabhrach, a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá ar bun ag roinnt comhpháirtíochtaí de chuid Spórt Éireann.

Samhail LISPA	Corp Sláintiúil agus Aigne Shláintiúil	'FUNdamentals' agus Litearthacht Fhisiciúil	Foghlaim chun Imirt	Imirt chun Traenáil	Traenáil chun Dul san Iomaíocht	Dul san Iomaíocht chun Feidhmiú	Feidhmiú chun Rath a Bhaint Amach
Gníomhartha Gaolmhara	Cúram leighis príomhúil; athshlánú; stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn: cothú; cláir um thinneas a chosc	Cláir spráilúla rannpháirtíochta agus litearthachta fisiciúla, saoráidí agus imeachtaí a sholáthar	Scileanna, cláir rannpháirtíochta corpachmhainne, saoráidí gaolmhara agus imeachtaí rannpháirtíochta a sholáthar	Scileanna, cláir thraenála corpachmhainne, saoráidí gaolmhara agus comórtais áitiúla a sholáthar	Cláir thraenála, saoráidí agus comórtais réigiúnacha a sholáthar	Cláir thraenála feidhmiúchá, saoráidí agus comórtais náisiúnta a sholáthar	Cláir thraenála ardfeidhmiúchá, saoráidí agus comórtais idirnáisiúnta a sholáthar
Comhpháirtithe Spórt Éireann	FSS/An Roinn Oideachais	FSS/LSP/NGB/ An Roinn Oideachais	LSP/NGB/An Roinn Oideachais	NGB/An Roinn Oideachais	NGB	NGB/Institiúid Spórt Éireann	NGB/Institiúid Spórt Éireann/Comhairle Oilimpeach na hÉireann/Cumann Parailimpeach na hÉireann
Dírthe ar dhaoine aonair agus ar chomhpháirtithe	Dírthe ar thorthaí don duine aonair	Dírthe, tríd is tríd, ar thorthaí don duine aonair agus ar thorthaí don phobal sóisialta	Torthaí don duine aonair agus don phobal sóisialta	Dírthe, tríd is tríd, ar thorthaí don phobal spóirt agus ar roinnt torthaí don duine aonair	Dírthe ar thorthaí ar leibhéal pobail/club	Dírthe ar thorthaí náisiúnta	Dírthe ar thorthaí idirnáisiúnta
Spriocanna na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt		Níos Mó Daoine		Níos Gníomhaí		Níos Minice	
Cuspóirí Spórt Éireann	Gluaiseacht	Áineas Gníomhach		Feidhmiocht		Ardfeidhmiocht	

Aguisín E

Straitéis Spóirt Éireann: Gníomhartha Rannpháirtíochta

Sainaithnítear i Straitéis Spóirt Éireann roinnt gníomhartha tábhachtacha atá le déanamh ag Spóirt Éireann sa réimse um Rannpháirtíocht sa Spórt. Tá na gníomhartha sin achoimrithe thíos.

CUSPÓIRÍ RANPHÁIRTÍOCHTA		SPRIOC: SPÓRT CUIMSITHEACH AR FEADH AN tSAOIL - TOMHAIS RATHA
1	Stiúradh a dhéanamh ar an uailmhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil a mhéadú.	<ul style="list-style-type: none"> a) An méadú sa céatadán den daonra a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil de réir Mhonatóir Spóirt na hÉireann. (46% d'Aosaigh) (Tá an figiúr do Leanáí le deimhniú) b) Plean Rannpháirtíochta nua a bheith forbartha agus curtha chun feidhme.
2	Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feachtas mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.	<ul style="list-style-type: none"> a) Straitéis um obair dheonach a bheith forbartha de réir an Bheartais Náisiúnta Spóirt. b) Feachtas cumarsáide a bheith forbartha agus curtha chun feidhme chun spriocdhíríú ar ghrúpaí sonracha den daonra. c) Sruthanna cistiúcháin a bheith á n-úsáid chun rannpháirtíocht shóisialta sa spórt a chothú trí fhorbairt eagraíochtaí láidre pobalbhunaithe a spreagadh.
3	Cur le struchtúir chruithaithe atá ann cheana agus, ag an am céanna, cineálacha nua nuálacha cur chuige a lorg i leith rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil a mhéadú agus i leith neamhghníomhaíocht a laghdú.	<ul style="list-style-type: none"> a) Clár nua nuálacha a bheith triailte. b) Treoirchlár rathúla a bheith curtha i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta tar éis meastóireacht a dhéanamh orthu. c) Méadú a bheith tagtha ar an líon aosach a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí spóirt áineasa amuigh faoin spéir.
4	Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.	<ul style="list-style-type: none"> a) An grádán idir fir agus mná maidir le rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt a bheith laghdaithe go 2.5%. b) Infheistíocht a bheith spriocdhíríte chun aghaidh a thabhairt ar na grádáin shóisialta atá ann maidir le rannpháirtíocht sa spórt. c) An céatadán d'aosaigh neamhghníomhacha a bheith laghdaithe go 19%.
CUSPÓIRÍ FEIDHMÍOCHTA		SPRIOC: IMIRT AGUS DUL SAN IOMAÍOCHT AR LEIBHÉAL ATÁ OIRIÚNACH DO CHUMAS, AGUS LÍONRA CLUBANNA POBALBHUNAITHE MAR THACA FAOI SIN
5	Colún feidhmíochta spóirt na hÉireann a fhorbairt, rud atá ríthábhachtach do dhaoine spóirt gníomhacha iomaíocha.	<ul style="list-style-type: none"> a) Méadú a bheith tagtha ar an mballraíocht thuairiscithe de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. b) An céatadán de dhaoine a dhéanann obair dheonach a bheith méadaithe ó 45% go 48%. c) Treoir agus oideachas a bheith soláthartha do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sna réimsí um Chumhdach, Eitic, Cóitseáil agus Frithdhópáil. d) Tacaí ábhartha ardcháilíochta a bheith soláthartha dár gcomhlachtaí cistithe trínár bhfoireann um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta.
6	An líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an-éifeachtach a mhéadú go 40 ceann.	<ul style="list-style-type: none"> a) An Cód Rialachais a bheith á chomhlíonadh ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoin mbliain 2021. b) Na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a bheith réidh le dea-thorthaí a sholáthar ar fud cholúin na Rannpháirtíochta, na Feidhmíochta agus na hArdfheidhmíochta. c) An leibhéal rannpháirtíochta sóisialta agus oibre deonáil. d) Samhlacha láidre gnó agus cobhsaíocht airgeadais a bheith ann san earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

ar lean		
7	Sainaitint a dhéanamh ar spóirt tosaíochta a bhfuil an seans is mó ann go mbainfidh siad tairbhí buana amach ar fud an tsoil uile agus infheistíocht mhéadaithe a thabhairt do na spóirt sin thar thréimhse na straitéise.	<p>a) An leibhéal cistiúcháin do na spóirt tosaíochta shainitheanta.</p> <p>b) Na rátaí rannpháirtíochta do na spóirt tosaíochta.</p> <p>c) Na rátaí tuairiscithe ballraíochta agus an rannpháirtíocht shóisialta thuairiscithe sna spóirt tosaíochta.</p>
8	Spóirt Éireann a fhorbairt mar phríomhghníomhaireacht don oideachas spóirt in Éirinn.	<p>a) Cáilíochtaí cóitseála a bheith creidiúnaithe ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.</p> <p>b) Cláir Forbartha Cóitseála a bheith bunaithe agus forbartha i 60 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta.</p> <p>c) An Plean Náisiúnta Cóitseála 2019 a bheith forbartha agus curtha chun feidhme de réir an Bheartais Náisiúnta Spóirt.</p>
RIALACHAS SPÓRT ÉIREANN		SPRIOC: FORBAIRT EARNÁLA AN-ÉIFEACTACH SPÓIRT A BHRÚ CHUN CINN, AR EARNÁIL Í A mBEIDH TIONCHAR AICI AR FUD NA TÍRE
13	Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann caighdeáin atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach.	<p>a) Méadú a bheith tagtha ar an líon comhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann a chomhlíonann an Cód Rialachais. An Cód Rialachais a bheith á chomhlíonadh ag gach ceann de na 66 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus de na 29</p> <p>b) gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt faoin mbliain 2021.</p> <p>c) Oiliúint agus tacaí a bheith soláthartha do chomhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann a fhothaíonn acmhainneacht na hearnála foriomláine.</p> <p>d) Forbairt na straitéise do lucht saothair na hearnála spóirt a bheith stiúrtha de réir an Bheartais Náisiúnta Spóirt.</p>
15	Na Cláir Taighde agus Mheastóireachta a leathnú mar acmhainn ríthábhachtach maidir leis an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a fhorbairt de réir a chéile.	<p>a) Cáilíocht agus cainníocht an taighde arna fhoilsiú ag Spóirt Éireann.</p> <p>b) Straitéis Taighde a bheith forbartha de réir an Bheartais Náisiúnta Spóirt.</p> <p>c) Creataí feabhsaithe Taighde agus Meastóireachta a bheith forbartha agus curtha chun feidhme laistigh de Spóirt Éireann.</p>



Aguisín F

An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027: Gníomhartha Rannpháirtíochta

Liostaítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 tríocha gníomh thábhachtacha a bhaineann leis an réimse um Rannpháirtíocht sa Spórt. Tá na gníomhartha sin achoimrithe thíos.

GNÍOMHARTHA RANPHÁIRTÍOCHTA AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA SPÓIRT	
1	Oibreimid le seirbhísí agus eagraíochtaí i réimse chúram agus oideachas na luath-óige chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht do chleachtóirí réamhscoile, do sholáthraithe agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar nósanna gníomhaíochta fisiciúla na leanaí an-óg atá faoina gcúram, lena n-áirítear torthaí feabhsaithe litearthachta fisiciúla a fhorbairt.
2	Oibreimid leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le múinteoirí, leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun a chinntiú go soláthrófar corpoideachas i scoileanna chun tacú go hiomlán le litearthacht fhisiciúil a fhorbairt i measc ár leanaí uile.
3	Athbhreithneoidh Spórt Éireann an tacaíocht airgeadais a thugtar do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun go leagfar díriú níos mó ar chláir litearthachta fisiciúla nach bhfuil sonrach don spórt a fhorbairt do leanaí óga. Mar chuid den tsocraíocht sin, bheifí ag súil leis go n-oibreodh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta lena chéile agus le hAonad Cóitseála Spórt Éireann chun cláir chúil a fhorbairt.
4	Oibreimid leis an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige, leis na Comhpháirtíochtaí, leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus le comhlachtaí eile chun feachtas oideachais nó faisnéise a chur le chéile, rud a mbeidh mar aidhm leis cabhrú le thuismitheoirí/caoimhnóirí obair lena leanaí chun litearthacht fhisiciúil agus dea-nósanna a fhorbairt ó thaobh an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla de mar chuid de stíl mhaireachtála atá níos sláintiúla ar an iomlán.
5	Tabharfaimid tús áite do spóirt amhail snámh, rothaíocht agus reathaíocht, ar spóirt iad a gcreidimid go ngabhann leo an acmhainneacht is mó le haghaidh leibhéil rannpháirtíochta gníomhaí a mhéadú ar feadh an tsaoil, agus muid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh ag ár leanaí na scileanna a theastaíonn chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin ar bhealach fiúntach, agus infheistíocht á déanamh againn ag an am céanna i mbonneagar, i gcláir agus i ndaoine a fhorbairt chun cabhrú le rannpháirtíocht a chothú ar fud na hógantachta agus na haosachta.
6	Forbróidh Spórt Éireann tionscnaimh leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, leis na Comhpháirtíochtaí, le scoileanna, le hinstiúidí tríú leibhéal, le hIonad CARA agus le páirtithe ábhartha eile chun aghaidh a thabhairt ar an rannpháirtíocht sa spórt i measc ógánach agus aosaigh óga, go háirithe mná agus cailíní, daoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, daoine faoi mhíchumas, an pobal LADTI+, an Lucht Siúil agus mionlaigh eitneacha eile. Tabharfar spreagadh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá bunaithe ar an bhfoireann agus dóibh sin atá bunaithe ar an duine aonair tionscnaimh a fhorbairt lena gcuirfead rannpháirtíocht leathan chun cinn ar fud a gcód faoi seach. Tabharfar spreagadh do scoileanna agus do chlubanna spóirt naisc níos fearr a chothú chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as a saoráidí, agus iarrfar ar na Comhpháirtíochtaí idirghabhálacha rannpháirtíochta a fhorbairt lena mbainfead úsáid as na saoráidí sin. Tabharfaidh Ionad CARA comhairle maidir leis na riachtanais ar leith atá ag daoine faoi mhíchumas.
7	Déanfaimid cur chun cinn níos láidre i measc múinteoirí agus thuismitheoirí/caoimhnóirí ar theachtaireachtaí ina gcuirfead in iúl an gaol deimhneach atá ann idir rannpháirtíocht sa spórt agus feidhmíocht i scrúduithe agus muid ag iarraidh maolú a dhéanamh ar an titim a tharlaíonn i leibhéil rannpháirtíochta le linn blianta scrúduithe.
8	Bunóimid, trí Spórt Éireann, tionscnamh chun tacú le hÚdarás Áitiúla le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt a thiocfaidh le fíis is le cuspóirí foriomlána an Bheartais Náisiúnta Spóirt seo. Leis an bPlean Áitiúil, déanfar athbhreithniú ar riachtanais agus leagfar gníomhartha amach chun rannpháirtíocht a mhéadú go háitiúil. Forbrófar agus cuirfead é i ngníomh i gcomhar le Comhpháirtíochtaí, le clubanna, le pobail agus le comhpháirtithe laistigh den saol spóirt agus lasmuigh de araon.
9	Mar chuid den phróiseas um Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt, cuirfidimid dlús lenár n-íarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas atá ann i rannpháirtíocht sa spórt. Treorófar acmhainní chun an rannpháirtíocht is léithe is féidir a chur chun cinn, lena gcinnteofar cáilíocht agus inrochtaineacht do gach grúpa. Maidir le cistiú, tabharfar tús áite do chláir ina ndíreofar ar na grúpaí sin ar lú a leibhéil rannpháirtíochta, go háirithe iad sin a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta. Chomh maith leis sin, leagfaidimid béim ar an tábhacht a bhaineann le comhar idir comhlachtaí spóirt (Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí agus clubanna) agus idir an earnáil spóirt agus earnálacha beartais eile maidir le tionscnaimh rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn.

GNÍOMHARTHA RANPHÁIRTÍOCHTA AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA SPÓIRT

10	Agus tús áite á thabhairt againn do thionscnaimh agus cláir a bhfuil mar aidhm leo grúpaí ar lú a leibhéil rannpháirtíochta a mhealladh chun páirt a ghlacadh ann, bainimid úsáid as léargais iompraíochta agus as taighde eile chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar shaincheisteanna a bhaineann le neamh-rannpháirtíocht.
11	Bainimid úsáid as Ciste na gCuntas Díomhaoin agus as cistiú eile Stáchtiste chun tionscnaimh amhail na Moil Spóirt sa Phobal a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta i gcás go bhfuarthas amach tar éis meastóireacht chuimsitheach gur éirigh leo. Chomh maith leis sin, féachfaimid le tacaíocht a fháil ón earnáil phríobháideach le haghaidh na dtionscnamh sin.
12	Agus aghaidh á tabhairt ar na grádáin mhíchumais ó thaobh rannpháirtíochta de, féachfaimid ar an bhféidearthacht atá ann líonra náisiúnta Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a thabhairt isteach, rud a bheidh ailínithe leis an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Bheifí ag súil leis go n-oibreodh na hOifigigh sin go dlúth le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ábhartha, leis an earnáil mhíchumais, le soláthraithe ionad fóillíochta, le hIonad CARA agus le geallsealbhóirí eile ar mhaithe le deiseanna a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt.
13	Anuas ar infheistíocht a dhéanamh i mbonnagar traidisiúnta spóirt, scrúdóimid conas is féidir leis an mórthimpeallacht nádúrtha agus thógtha cabhrú le rannpháirtíocht a mhéadú sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Cuirfear san áireamh ansin freisin an cineál gníomhaíochtaí a mbíonn aosaigh á mealladh ina dtreo, mar atá reathaíocht, rothaíocht, caitheamh aimsire eachtraíochta amuigh faoin spéir agus siúl áineasa, i measc nithe eile.
14	Bainimid úsáid as ár sruthanna cistiúcháin chun rannpháirtíocht shóisialta sa spóirt a chothú trí fhorbairt eagraíochtaí láidre pobalbhunaithe spóirt a spreagadh (e.g. Moil Spóirt sa Phobal), trí thacaíocht a thabhairt do na daoine sin a oibríonn go deonach ar son an spóirt agus iad a fhorbairt agus trí ballraíocht shóisialta (agus ballraíocht imeartha) de chlubanna spóirt a chur chun cinn.
15	Faoi lár na bliana 2019, tabharfaidh Spóirt Éireann comhairle don Ghrúpa Ceannaireachta Spóirt (féach Caibidil 11) maidir le spriocanna eastramhacha cuí (2023) le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta na n-aosach agus na leanaí sa spóirt agus le haghaidh laghdú sna grádáin ábhartha. Chomh maith leis sin, socrófar spriocanna le haghaidh na grádáin i rannpháirtíocht a chnógú (aois, inscne, cúlra sóisialta, eitneacht agus míchumas).
18	Déanfaimid iniúchadh tréimhsiúil ar shaoráidí spóirt ar fud na tíre (cibé acu i seilbh phríobháideach nó phoiblí), agus an chéad iniúchadh dá leithéid le cur i gcrích laistigh de 2 bliain ó fhoilsiú an bheartais seo. Treoróidh na hiniúchtaí sin cinntí maidir leis na tionscadail chaipitil spóirt dá dtabharfar tús áite le haghaidh cistiú poiblí agus rachaimid i gcomhairle leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta freisin i ndáil le haon gníomhartha eile atá ag teastáil. Déanfaimid Údarás Áitiúla an t-iniúchadh ar leibhéal áitiúil, mar chuid den ról atá acu maidir lena bPlean Áitiúil Spóirt a chur chun feidhme. Mar chuid den iniúchadh, oibreoidimid le geallsealbhóirí ábhartha chun bunachar sonraí náisiúnta saoráidí spóirt atá lán-inrochtana, cuimsitheach agus cothrom le dáta a fhorbairt agus a chothabháil, ar bunachar sonraí é a ndéanfar tairseach Ghréasánbhunaithe de chun freastal ar riachtanais an phobail.
22	Spreagfaimid Údarás Áitiúla comhroinnt áitiúil mhéadaithe saoráidí a chur chun cinn agus a éascú, go háirithe i gcás go mbíonn acmhainneacht ar fáil ag amanna beagéilimh le linn an lae, um thráthnóna nó le linn tréimhsí saoire i gcás foras oideachais. Is é a bheidh i gceist leis sin obair go dlúth le clubanna agus comhlachtaí spóirt, scoileanna agus coláistí, soláthraithe saoráidí fóillíochta agus dreamanna eile. Mar chuid de na Pleananna Áitiúla Spóirt, stiúfaimid Údarás Áitiúla tionscnaimh chomhoibríochta eile freisin chun rochtain áitiúil a fheabhsú, e.g. tiocfaidh Údarás Áitiúla agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le chéile chun féachaint ar bhealaí inar féidir le pobail áitiúla úsáid níos iomláine a bhaint as limistéir áineasa don spóirt agus don gníomhaíocht fhisiciúil, e.g. le haghaidh rití páirce.
27	Tabharfaidh Spóirt Éireann straitéis um obair dheonach ar aghaidh chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le hoibríthe deonacha a earcú, a choinneáil agus a aithint, maidir leis na grádáin atá ann san obair dheonach agus maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann lenár mbonn oibríthe deonacha a chothú agus a fhás. Spreagfar cineálacha níos nua rannpháirtíochta oibríthe deonacha, ar cineálacha rannpháirtíochta iad a chothaíonn rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta atá an-oiriúnach do shaol an lae inniu.
28	Tabharfaimid buiséad bliantúil isteach le haghaidh oiliúint oibríthe deonacha, rud atá le riar ag an líonra Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chun a chinntiú gur féidir oiliúint oibríthe deonacha a sholáthar ar fud spóirt éagsúla. Díreofar san oiliúint sin ar shaincheisteanna cosúil le leas leanaí, feasacht ar mhíchumas, garchabhair, riarachán agus rialachas spóirt, agus cruinníú airgid. Beifear ag súil leis go n-oibreoidh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt go dlúth le clubanna agus le hAonad Cóitseála Spóirt Éireann chun an oiliúint sin a phleanáil agus a sholáthar.

GNÍOMHARTHA RANPHÁIRTÍOCHTA AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA SPÓIRT

30	Forbróidh Aonad Cóitseála Spóirt Éireann plean nua cóitseála faoi dheireadh na bliana 2019. Beidh sé mar aidhm leis an bplean sin aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá sainaitheanta anseo maidir le héagsúlacht mhéadaithe a spreagadh i measc an lucht saothair chóitseála, agus cáilíochtaí cóitseála ar leibhéal iontrála á ndéanamh níos inoiriúnaithe ionas gur féidir le cóitseálaithe obair ar fud raon spóirt agus gníomhaíochtaí fisiciúla. Sa phlean cóitseála nua, leagfar béim mhéadaithe ar iompraíocht agus ar dhearcthaí seachas ar scileanna teicniúla amháin ar leibhéal iontrála, agus úsáid mhéadaithe as an teicneolaíocht á cur chun cinn san oideachas do chóitseálaithe. Leagfar béim mhéadaithe ann freisin ar chóitseáil do dhaoine faoi mhíchumas.
31	Déanfaidh Spóirt Éireann formhaoirseacht ar phróiseas trína gceanglófar ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus ar gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Cód Rialachais don Earnáil Pobail, Dheonach agus Carthanais a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2021. Mar chuid den phróiseas sin, sainaitheoidh Spóirt Éireann an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn ó na heagraíochtaí difriúla chun cabhrú leis an bpróiseas glactha agus cuirfidh sé an oiliúint agus na tacaí sin i bhfeidhm.
32	Iarrfar ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta spriocanna maidir le héagsúlacht inscne a shocrú agus pleananna gníomhaíochta comhionannais a fhorbairt. Soláthrófar tacaíocht do chlár thiomnaithe oiliúna ceannaireachta do mhná, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le rialachas agus oiliúint theicniúil (cóitseáil, réiteoireacht agus bainistíocht foirne). Déanfaidh Spóirt Éireann faireachán ar an dul chun cinn ar na cláir sin a sholáthar agus tabharfaidh sé tuairisc ar an dul chun cinn sin gach bliain. Mura bhfuil dul chun cinn dóthanach á dhéanamh, pléifimid an cheist tuilleadh le gach geallsealbhóir.
33	Stiúrfaidh Spóirt Éireann forbairt na straitéise do lucht saothair na hearnála spóirt, ar straitéis í lena dtabharfar aghaidh ar earcaíocht, gairmiúil méadaithe, forbairt, bailíochtú agus aitheantas, soláthar don fhorbairt ghairmiúil leanúnach, éagsúlacht na ceannaireachta ar fud na hearnála agus ionadaíocht na hÉireann ar chónaidhmeanna idirnáisiúnta spóirt. Tacóimid leis na hiarrachtaí atá ar bun ag Spóirt Éireann chun straitéis fhadtéarmach a cheapadh don oideachas, don fhoghlaim agus don fhorbairt.
34	Déanfaimid comhoibriú laistigh den earnáil spóirt agus idir an earnáil spóirt agus earnálacha eile a chothú agus a spreagadh trí thionscnaimh oiliúna agus forbartha agus trí dhreasachtaí airgeadais agus dreasachtaí eile a sholáthar chun iompraíocht chomhoibríoch a spreagadh ar gach leibhéal spóirt. Oibreoidim ar bhonn uile-oileáin ina leith sin. Féachfaimid le caidreamh níos láidre a fhorbairt leis an gcóras oideachais go háirithe.
35	Forbróidh Spóirt Éireann straitéis taighde don spóirt, rud lena bpléifear le gach eagraíocht thábhachtach a oibríonn laistigh den earnáil. Ba cheart go gcabhródh an straitéis le caidrimh níos foirmiúla agus níos struchtúrtha a chruthú idir an cleachtas, an córas beartais agus pobail taighde chun a chinntiú go ndíreofar na hacmhainní teoranta atá ar fáil i ngach fearann ar thuiscint níos fearr a ghnóthú ar na príomh-shaincheisteanna beartais a bhaineann leis an spóirt, agus réitigh níos fearr ar na dúshláin a bhféachaimid le haghaidh a thabhairt orthu á bhforbairt dá bharr sin. Cinnteoidim go scaipfead faisnéis taighde agus meastóireachta ar bhonn níos leithne ar fud an chórais spóirt. Chuige sin, forbróidh Spóirt Éireann stór taighde agus sonraí spóirt ar líne.
36	Tacóimid leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus le comhlachtaí eile spóirt uirlisí meastóireachta a fhorbairt do chlár agus do thionscnaimh. Forbróidh Spóirt Éireann creataí meastóireachta caighdeánaithe lena gcumasófar measúnú láidir ar an tionchar atá ag saoráidí, cláir agus idirghabhálacha a chistítear go poiblí. Féachfaimid le leas a bhaint as an saineolas suntasach méadaitheach atá ann sa tríú leibhéal agus in earnálacha eile ar thionscnaimh spóirt agus phobalbhunaithe chun cabhrú le hacmhainneacht an chórais spóirt a fhorbairt sa réimse sin. Déanfaimid ár ngníomhartha ina leith sin a ailíniú le Réimse Gníomhaíochta 7 den Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.
45	Féachfaimid le cistiú a mhéadú do chlár rannpháirtíochta gach bliain den bheartas, agus é de rún againn ár n-infheistíocht bhliantúil i rannpháirtíocht a dhúbailt faoin mbliain 2027. Tacóimid le hÚdarás Áitiúla Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar pleananna iad a mbeidh sé mar aidhm leo obair le geallsealbhóirí áitiúla chun leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú.
46	Soláthróimid cinnteacht mhéadaithe maidir le cistiú do chlár rannpháirtíochta bliain ar bhliain. Tabharfar tús áite do shocrúithe le haghaidh cistiú ilbhliantúil a thabhairt isteach i gcomhair príomheagraíochtaí is deontaithe.
48	Leanfaidh Spóirt Éireann agus a chuid comhpháirtithe le forbairt a dhéanamh ar threoirchlár atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ghrádáin rannpháirtíochta sa spóirt i leith míbhuntáiste agus míchumais, le cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. De réir mar a chuirtear cistiú méadaithe ar fáil do chlár rannpháirtíochta, cuirfead le hidirghabhálacha rathúla beartais agus cuirfead i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta iad agus foinsí cistiúcháin príomhshrutha ón Státchiste agus infheistíocht phríobháideach fhéideartha á n-úsáid.
56	Agus an treocht mhéadaitheach i dtreo aclaíocht phearsanta in ionaid aclaíochta agus i saoráidí eile á haithint, breithneoidim, i gcomhairle le geallsealbhóirí, athruithe féideartha ar an gcód cánach chun rannpháirtíocht a dhreasaí trí threalamh ionaid aclaíochta agus trealamh spóirt phearsanta a úsáid.

Aguisín F

Gluais Téarmaí

CARA - Is é is CARA ann ná eagraíocht náisiúnta a sholáthraíonn ardán comhoibríoch agus comhpháirtíochta ar fud na hÉireann chun feabhas a chur ar na deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla atá ann do dhaoine faoi mhíchumas.

Ciste na gCuntas Díomhaoin - Faigheann Spóirt Éireann cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú le tionscnaimh spóirt agus ghníomhaíochta fisiciúla ar mhaithe le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, le forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó le daoine atá faoi mhíchumas.

Meastóireacht - Is é atá i meastóireacht ná measúnú sistéamach ar dhearadh, cur chun feidhme, aschuir agus torthaí aon tionscnaimh chun críocha foghlama agus chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht sa todhchaí.

FSS – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an t-údarás reachtúil atá freagrach as Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta Pearsanta a sholáthar do dhaoine a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann.

Údarás Áitiúla - Comhairlí Contae agus Comhairlí Cathrach, arb iad na struchtúir rialtais áitiúil in Éirinn iad.

LSP – Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt - Is é atá sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ná tionscnamh de chuid Spóirt Éireann agus tá sé mar aidhm leo forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Is iad na príomhaidhmeanna atá ag na Comhpháirtíochtaí an rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí is féidir as acmhainní áitiúla. Tá an tionscnamh Comhpháirtíochtaí ina chuid dhílis de straitéis rannpháirtíochta Spóirt Éireann.

Gníomhaireachtaí Náisiúnta - Gníomhaireachtaí Rialtais a bhfuil sainchúram náisiúnta orthu i mbonneagar amuigh faoin spéir, e.g. Coillte, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Uiscebhealaí Éireann.

NGB – Comhlacht Rialaithe Náisiúnta - Eagraíocht atá aitheanta ag Spóirt Éireann agus a chomhordaíonn forbairt aon spóirt nó aon spórt ar leith trí chlubanna comhpháirteacha.

Eagraíocht Neamhrialtasach - Téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar chomhlachtaí aitheanta eile atá á gcistiú ag Spóirt Éireann, ar chomhlachtaí iad nach dtagann faoin téarma ‘Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt’ ná faoin téarma ‘Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt’. Samplaí de chomhlachtaí den sórt sin is ea Aostacht agus Deiseanna, Beir Beo ar an Saol, CARA, Ireland Active agus Ná Fág Aon Rian.

An Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil - Sa bhliain 2016, sheol an Rialtas an chéad Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil de chuid na hÉireann riamh. Is é is aidhm dó spreagadh a thabhairt laistigh de dheich mbliana do leathmhíliúin Éireannach níos mó ar a laghad aclaíocht rialta a dhéanamh. Is é an phríomhspríoc ná an líon daoine a bhíonn ag déanamh aclaíocht rialta a mhéadú faoi 1% sa bhliain thar dheich mbliana trí ghnáthchuid den saol laethúil a dhéanamh den aclaíocht agus trí níos mó deiseanna le bheith gníomhach a thabhairt do dhaoine.

An Beartas Náisiúnta Spóirt - An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a seoladh an 25 Iúil 2018.

Spóirt Éireann - Tugann Spóirt Éireann Comhairle Spóirt na hÉireann, Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt, Institiúid Spóirt na hÉireann agus Cóitseáil Éireann le chéile ina gcomhlacht cuíchóirithe dinimiciúil nua amháin a bhfuil de dhuilgias air todhchaí spóirt na hÉireann a bhrú chun cinn. Is údarás reachtúil é Spóirt Éireann a bhfuil mar aidhm aige forbairt inbhuanaithe an spóirt iomaíoch agus áineasa in Éirinn a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú.





SPÓRT
ÉIREANN
RANNPHÁIRTÍOCHT

www.sportireland.ie
@sportireland